# Ríomhphost ó Mhamó



Thu 13:38

Dia dhuit, a Sheáin agus a Annabel,

Conas atá sibh?
Tá mé go maith. Bhí breithlá Dhaideo agus Ellie ann an tseachtain seo agus bhí béile deas againn sa teach. Bhí laethanta saoire na Cásca ann, agus mar sin bhí gach duine sa bhaile. Bhí an teach lán le daoine. Bhí aintín Úna, Uncail Ian agus aintín Rhona ar fad ag fanacht don deireadh seachtaine linn.
Bhí Uncail Myles, Uncail Ian agus Sadie ann chomh maith.
D'imríomar cluichí boird i ndiaidh an bhéile.
Tá an aimsir go hiontach in Éirinn; tá mé ag dul ag snámh san fharraige anois.
Conas atá Mamaí agus Daidí, agus an aimsir san Astáil?
Slán go fóill,

Mamóxxx

## CEISTEANNA

1. **An breithlá Dhaideo agus Ellie a bhí ann?** *(Was it Grandad's and Ellie's birthday?)*
2. **Cé a bhí ag fanacht don deireadh seachtaine?** *(Who was staying for the weekend?)*
3. **Cé eile a bhí ann?** *(Who else was there?)*
4. **Céard a rinne siad i ndiaidh an bhéile?** *(What did they do after the meal?)*
5. **Cá bhfuil sí ag dul?** *(Where is she going?)*

**FOCLÓIR**

ríomhphost *email*

# Litir Leithscéil



36, Ascaill na Manach
An Charraig Dhubh,
Luimneach.
8ú Aibreán

A mhúinteoir, a chara,

Tá fíorbhrón orm go raibh Sorcha as láthair inné agus an lá roimhe sin.
Thit sí den rothar sa bhaile agus bhris sí a lámh.
Bhíomar san ospidéal an lá ar fad.
Tá sí ag mothú níos fearr anois ach tá plástar ar a lámh.
Táimid buíoch gur a lámh dheas atá i gceist agus gur ciotóg í.
Beidh sí in ann scríobh agus an obair ar fad a dhéanamh.
Ar mhiste leat aon obair a chaill sí a thabhairt di anocht mar bhreis obair bhaile, le do thoil?
Má tá aon deacracht leis seo, cuir glaoch orm, le do thoil.

Mise le meas,
Áine Ní Bhroin



## CEISTEANNA

1. **Cé a bhí as láthair?** *(Who was absent?)*
2. **Céard a tharla?** *(What happened?)*
3. **Cá raibh siad an lá ar fad?** *(Where were they for the whole day?)*
4. **Céard faoi a bhfuil siad buíoch?** *(What are they grateful for?)*
5. **Céard is ainm do Mhamaí Shorcha?** *(What is Sorcha's Mum called?)*

## FOCLÓIR

**litir leithscéil** *excuse letter*
**as láthair** *absent*
**lá roimhe** *day before*
**ag mothú** *feeling*
**ar mhiste leat** *would you mind*
**breis** *extra*
**ciotóg** *a left-handed person*

# Dialann Teagan

## Dé hAoine

Bhí lá fada agam ar scoil. Is ceannaire mé do na ranganna sóisearacha agus bhí orm faire orthu sa seomra ranga ag am lóin inniu mar bhí sé ag stealladh báistí. D'fhoghlaim muid amhrán nua i ndiaidh am lóin agus bhí rang ealaíne againn chomh maith.
I ndiaidh na scoile, bhí cluiche haca agam.
Mise an captaen agus bhuaigh muid!
Ansin bhí cóisir Becca ar siúl.
Chuaigh muid ag snámh; ansin chuaigh muid ar ais go dtí a teach le haghaidh bia agus cáca breithlae. Fuair gach duine bronntanas beag ag dul abhaile. Bhí mé ag iarraidh fanacht ann don oíche ach caithfidh muid dul go dtí Cill Mhantáin go luath ar maidin chun cuairt a thabhairt ar Mhamó.

Slán go fóill,
Teagan

## CEISTEANNA

1. **Cén fáth a raibh uirthi faire ar na ranganna sóisearacha?** *(Why did she have to watch the younger classes?)*
2. **Céard a d'fhoghlaim siad i ndiaidh am lóin?** *(What did they learn after lunch?)*
3. **Céard a bhí ar siúl i ndiaidh na scoile?** *(What was on after school?)*
4. **Céard a bhí ar siúl ina dhiaidh sin?** *(What was on afterwards?)*
5. **Cá ndeachaigh siad?** *(Where did they go?)*

## FOCLÓIR

**ceannaire** *leader*
**sóisearach** *junior*
**ag faire** *watch*

# Nuachtán

## Bhuaigh Dalta Scoile an Crannchur Náisiúnta



Bhuaigh dalta scoile Oisín Chambers (18) an Crannchur Náisiúnta. Is ón Daingean, Co. Chiarraí é Oisín agus is anseo a cheannaigh sé an ticéad.

Bhí an dalta scoile ag ceannach ticéid dá Mhamaí ach rinne an siopadóir dhá 'quick pick' trí thimpiste agus cheannaigh sé é.

Nach raibh an t-ádh air mar bhuaigh sé dhá mhilliún euro aréir.

Dúirt an fear óg go raibh sé i gceist aige carr a cheannach, a chlann a thabhairt ar saoire agus ansin go gcuirfeadh sé an t-airgead ar fad eile sa bhanc.

Bhí ionadh an domhain air nuair a bhuaigh sé ach tá sé ar mhuin na muice!

### CEISTEANNA

1. **Cé a bhuaigh an Crannchur Náisiúnta?** *(Who won the National Lottery?)*
2. **Cárb as d'Óisín?** *(Where is Oisín from?)*
3. **Cé dó a raibh sé ag ceannach ticéid?** *(Who was he buying a ticket for?)*
4. **Céard a cheannóidh Óisín?** *(What is Óisín going to buy?)*
5. **An raibh ionadh air?** *(Was he surprised?)*

### FOCLÓIR

**Crannchur Náisiúnta** *National Lottery*
**dalta scoile** *school pupil*
**an t-ádh** *the luck*
**aréir** *last night* **ionadh** *surprise*

# Siúlóid Faoin Tuath




## CEISTEANNA

1. **An rachaidh an cailín ag siúl sa chathair?** *(Will the girl go walking in the city?)*
2. **Cad a dhéanfaidh sí?** *(What will she make?)*
3. **Cad a fheicfidh sí?** *(What will she see?)*
4. **An gcloisfidh sí na héin ag canadh?** *(Will she hear the birds singing?)*
5. **Cén t-am a rachaidh sí abhaile?** *(What time will she go home?)*

## FOCLÓIR

**rachaidh** *will go* **déanfaidh** *will make*
**gheobhaidh** *will get* **cuirfidh** *will put*
**feicfidh** *will see* **cloisfidh** *will hear*
**buailfidh** *will meet* **siúlfaimid** *we will walk*
**íosfaidh** *will eat*